# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 21

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 66

23 Eanáir 2023


Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán (AE) 2023/144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle** ..... 1


CINNTÍ


★ **Cinneadh (AE) 2023/145 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena n-aisghairtear Treoir 89/629/CEE ón gComhairle** ..... 3


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA


★ **Cinneadh (AE) 2023/146 ón gComhairle an 18 Márta 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh** ..... 5


GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2023/144 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Eanáir 2023**

**lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá dearbhaithe ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún araon sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([3]), go bhfuil siad tiomanta do reachtaíocht an Aontais a nuashonrú agus a shimpliú.

(2) Is iomchuí *acquis* an Aontais a scrúdú go rialta chun go bhféadfar é a nuashonrú agus, i gcás inár féidir, laghdú a dhéanamh ar an méid atá ann. Nuair a dhéantar reachtaíocht atá imithe i léig a aisghairm cuidítear le creat reachtach an Aontais a choinneáil trédhearcach, soiléir agus éasca le húsáid ag na Ballstáit agus ag na páirtithe leasmhara.

(3) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle ([4]), ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas bonneagair i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre, agus ar thorthaí a bhaineann le húsáid bhonneagair den sórt sin.

(4) Tá forálacha agus sainmhínithe atá imithe i léig i Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 agus tá sé ar neamhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais is déanaí agus atá i bhfeidhm faoi láthair lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar shonraí infheistíochta bonneagair iompair agus ar úsáid bonneagair.

([1]) Tuairim an 26 Deireadh Fómhair 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2022.

([3]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

([4]) Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle an 4 Meitheamh 1970 lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta le haghaidh caiteachas bonneagair i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre (IO L 130, 15.6.1970, lch. 4).

(5) Tá baint ag Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 le deacrachtaí iomarcacha riaracháin i ndáil leis na sonraí a bhailiú a cheanglaítear leis an Rialachán sin. Ó bhí 2005 ann, níor sholáthair ach ceithre Bhallstát sonraí den sórt sin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 a aisghairm chun deireadh a chur le neamhréireachtaí i ndlíchóras an Aontais agus chun rannchuidiú le simpliú ar reachtaíocht an Aontais trí dheireadh a chur le gníomh dlí atá imithe i léig anois.

(7) Ós rud é go gcuirtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 chun feidhme le Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiúin [5], rachaidh an cuspóir atá leis in éag le haisghairm Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 a aisghairm freisin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1108/70 agus (CE) Uimh. 851/2006.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 18 Eanáir 2023.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| R. METSOLA | J. ROSWALL |

(5) Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2006 lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle (IO L 158, 10.6.2006, lch. 3).

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/145 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 18 Eanáir 2023

## lena n-aisghairtear Treoir 89/629/CEE ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([3]), dhearbhaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go raibh siad tiomanta go comhpháirteach reachtaíocht an Aontais a nuashonrú agus a shimpliú.

(2) Le Treoir 89/629/CEE ón gComhairle ([4]), foráladh go bhféadfadh eitleáin áirithe a sháraigh na caighdeáin ábhartha maidir le hastaíochta torainn faoin Treoir sin leanúint d'oibriú, dá mba rud é go raibh siad iontráilte cheana féin i gclár náisiúnta de chuid Ballstáit. Mar sin féin, cuireadh riail i bhfeidhm léi nach ndéanfaí a thuilleadh clárúchán: níorbh fhéidir clárúcháin nua d'eitleáin den sórt sin a dhéanamh tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach sin.

(3) Le Treoir 2006/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tugadh isteach céimniú amach iomlán na n-eitleán go léir nach raibh ag comhlíonadh na gcaighdeán ábhartha maidir le hastaíochtaí torainn, lena n-áirítear na heitleáin sin a cumhdaíodh faoi Threoir 89/629/CEE roimhe seo, is cuma cé acu a cláraíodh nó nár cláraíodh iad cheana. Is é a tháinig as sin nach raibh cead ag na heitleáin lena mbaineann eitilt a thuilleadh in aerspás an Aontais agus nárbh fholáir iad a bhaint de chláir náisiúnta na mBallstát.

(4) Dá bharr sin, tá Treoir 89/629/CEE imithe i léig agus ba cheart, dá bhrí sin, í a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Treoir 89/629/CEE.

([1]) Tuairim an 26 Deireadh Fómhair 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2022.
([3]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.
([4]) Treoir 89/629/CEE ón gComhairle an 4 Nollaig 1989 maidir le hastaíochtaí torainn ó scairdeitleáin fhoshonacha shibhialta a theorannú (IO L 363, 13.12.1989, lch. 27).
([5]) Treoir 2006/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le rialáil oibríocht eitleán a chumhdaítear le Cuid II, Caibidil 3, Imleabhar 1 d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, an dara heagrán (1988) (IO L 374, 27.12.2006, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 18 Eanáir 2023.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2023/146 ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Márta 2019**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraimí Aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine [1] agus Phoblacht na Cróite [2], agus go háirithe Airteagal 6(2) díobh,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile [3] ("an Comhaontú") an 9 Meán Fómhair 2006 [4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2016 [5].

(2) Tháinig an Bhulgáir agus an Rómáin chun bheith ina mBallstáit den Aontas an 1 Eanáir 2007 agus an Chróit an 1 Iúil 2013.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraimí Aontachais na Bulgáire agus na Rómáine, agus na Cróite, tá aontachas leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú sin ("an Prótacal"). I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de na hIonstraimí Aontachais, tá feidhm le bheith ag nós imeachta simplithe maidir leis an aontachas sin, trína dtabharfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus trína dtabharfaidh an tríú tír lena mbaineann, prótacal i gcrích.

(4) An 23 Deireadh Fómhair 2006 agus an 14 Meán Fómhair 2012, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann chun prótacail a thabhairt i gcrích a ghabhann le comhaontuithe idirnáisiúnta a thugann an tAontas agus a Bhallstáit i gcrích.

(5) Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht na Cóiré chun críche go rathúil trí *notes verbales* a mhalartú.

(6) Ba cheart an Prótacal a shíniú,

[1] Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnaithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 157 an 21 Bealtaine 2005, lch. 203).

[2] Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 112, 24 Aibreán 2012, lch. 21).

[3] IO L 288, 19.10.2006, lch. 31.

[4] Cinneadh (AE) 2006/700/CE ón gComhairle an 1 Meán Fómhair 2006 maidir le síniú, thar ceann an Chomhphobail, an Chomhaontaithe Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 288, 19.10.2006, lch. 30).

[5] Cinneadh (AE) 2016/944 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2016 maidir leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích (IO L 157, 15.6.2016, lch. 19).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite agus an Rómáin leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail úd ([6]).

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a cheapadh a dtabharfar de chumhacht dó nó di (dóibh) an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2019.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
C. BEAUNE

([6]) Foilseofar téacs an Phrótacail in éineacht leis an gCinneadh nuair a thabharfar i gcrích é.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA